# Nuacht Neasáin

**Deireadh Fómhair 2018**

**Cumarsáid**

Uimhir na hoifige

8316228

R-phost an Rúnaí

runaiscn@gmail.com

Tá an bhliain scoile faoi lán seoil agus muid ag druidim leis an mbriseadh mean-téarma cheana féin. Tá na naíonáin socraithe ar scoil agus obair chruthaíoch agus an-spéisiúil ar siúl sna ranganna. Ta blaiseadh den obair seo le feiceáil ar chuntas Instagram na scoile. Tá foirne peile na scoile gnóthach maraon leis na múinteoirí atá I mbun traenála. Tá neart nuachta sa nuachlitir seo maraon le roinnt nósanna imeachta atá le meabhrú.

*The school year is well under way and we are already approaching the mid-term. The infants are well settled and there is lots of creative and interesting work happening all over the school. Some of this work can be viewed on the Instagram page. School football teams have been very busy as have the teachers in charge. This newsletter contains plenty of news, notice of upcoming dates and some gentle reminders of school procedures.*

Beidh an grianghrafadóir sa scoil ar an Déardaoin, 25 Samhain chun grianghraf na naíonán agus clanna na scoile a thógáil más mian le daoine iad a fháil.
*The photographer will be in the school Thurs, 25th October to take N1 photos, family photos and class photos if required*

***Dáta don Dialann***

***30 Samhain***
***Lá Inseirbhíse Foirne ar an gCuraclam Nua Teanga***

***30th Nov (Fri)***
***Staff Inservice***
***No school for the children***

**Oíche Shamhna / Halloween**

Tá cuireadh ag na gasúir ar fad teacht go dtí Cóisir Samhna na scoile ar an Aoine 26 Deireadh Fómhair. Bainimid an-taitneamh gach bliain as na hiarrachtaí iontacha a dhéanann na páistí gléasadh suas don ócáid. Meabhraítear arís do chuile dhuine **nach bhfuil cead aon chónna nó abhar ina bhfuil cnónna a thógáil ar scoil.**



*All children are invited to come to school dressed up on Friday, 26th October. This is always a fun and memorable day in the school and we always enjoy the wonderful efforts the children make especially with their homemade costumes.* ***May we remind everybody again that no nuts or nut products are allowed in the school.*** *This is for health and safety reasons as a number of children in the school suffer with very severe allergies to nuts.*

**Nósanna Imeachta maidir le hasláithreachtaí agus páistí ag fágáil na scoile go luath nó ag teacht déanach.**
***Procedures in relation to absences and children leaving school early or arriving late.***

Meabhraítear do thuismitheoirí gur gá nóta scríofa a chur ar fáil **don mhúinteoir ranga** i gcás gach asláithreacht ag míniú cúis na hasláithreachta. Mar a chéile nuair a bhíonn páiste déanach ag teacht ar scoil nó ag fágáil go luath. De réir reachtaíochta ní mór don scoil tuairisc a chur ar fáil do TUSLA maidir le hasláithreachtaí agus tinreamh / easpa tinrimh.

Parents are reminded that all absences must be accounted for and explained in a written note **to the class teacher**. Likewise children who are late to school or who leave early must have a note to cover this absence from school. As per legislation the school is required to report to TUSLA on matters of absences and attendance / non attendance.

Member First CREDIT UNION

Tá an comhar creidmheasa tosaithe ar ais le seachtain anuas agus ba mhaith linn gach duine a spreagadh nós seachtainiúil a dhéanamh as an gcoigilt.
*The Credit Union is up and running every Thursday and we would like to encourage all children from N2 – R6 to establish a weekly practice of saving.*

***Luchtóirí iPad***
Meabhrú go bhfuilimid ag lorg aon luchtóirí breise agus cáblaí (na sean cinn mhóra) d'ipadanna má bhíonn cinn ag luí timpeall sa bhaile

Reminder that we are looking for any spare ipad chargers (the large charger with the older cable) if there are any lying around spare.

**Lá Spóirt do Chách**

Beidh an Lá Spoirt do chách á reáchtáil sa scoil De hAoine, 19 Deireadh Fómhair ar feadh an lae. Bailítear airgead ar son na scoile agus úsáidtear an t-airgead chun trealamh clóis a cheannacht do na páistí nó chun íoc as ceardlanna ar leith nó cuairteoirí chun na scoile I rith na bliana. Cuirtear cárta amháin abhaile ag gach teaghlach agus bímid an-bhuíoch don airgead a bhailítear. I mbliana beidh an deis ann an suim a íoc ar line trí EPP agus molaimid go láidir do dhaoine an córas seo a úsáid.

Ba cheart do na páistí teacht ar scoil gléasta chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí éagsúla, neart uisce a thabhairt leo, lón breá mór agus seaicéad báistí.
*We hope to run our annual Sports for All day in the school on Friday, 19th October. The money we gather on this day is used to fund equipment for play in the school yard or various workshops / visits to the school during the year. Each family will receive a sponsorship card and we would really appreciate help with this fundraising as it benefits the children directly. This year money gathered can be paid through EPP and we encourage everyone to use this method. All cards must be returned to the school.*
*Children should be dressed appropriately for sport, bring plenty of water and a big lunch.*

**Maidin Chaifé ar son an Ospais /**
Míle buíochas do chuile dhuine a chabhraigh nó a d'fhreastal ar an maidin chaifé ar an 16 Mean Fómhair sa hall. Bailíodh €549 ar an lá.
*We are very grateful to all who helped or attended the coffee morning in the school on the 16th September. A total fo €549 was raised for the Hospice*

## An Maor Tráchta / Traffic Warden

Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil tuismitheoirí ag trasnú an bhóthair ag déanamh neamhaird ar an maor tráchta. Chaitheamar blianta fada ag troid le go mbeadh maor ag an scoil agus déantar scrúdú go rialta ar an úsáid atá á baint as. Bhí duine amuigh ag faire coicís ó shin féachaint an raibh an gá ann I gcónaí. Iarrtar ar gach tuismitheoir agus páiste an bóthar a thrasnú faoi stiúr Úna ar maidin agus sa tráthnóna.

*We have noticed that some parents with children are ignoring the traffic warden and crossing the road on either side of her. We spent many years campaigning for a wardern and the need is constantly being monitored by DCC. Only last week the inspector was positioned outside monitoring procedings. All parents, minders and children are requested to cross the road at the assigned crossing morning and evening.*

## Cúrsaí Spoirt

Tá múinteoirí agus foirne peile sóisear agus sinsear tar éis cúpla seachtain cruógach a chur isteach idir thraenáil agus chluichí. Tá ag éirí go maith leis na foirne. Bhí mí-ádh ar fhoireann shinsear na mbuachaillí nuair a chailleadar ¼ craobh I gcoinne scoil mhór I mBaile an Bhóthair an tseachtain seo caite. Bhí an fhoireann shóisear tar éis na gcluichí ar fad go dáta a bhuachaint nó gur bhuaileadar le foreann láidir Scoil Mhuire ar an Máirt. Tá an seans acu go fóill críochnú sa dara áit sa sraith.

Maidir le foireann na gcailíní léirígh siad an-sprid ina cluiche i gcoinne Ros Eo an tseachtain seo caite agus tá ½ chraobh os a gcomhair an tseachtain seo I gcoinne Diswellstown ar an Déardaoin. Guímid adh mór orthu.

Beidh buachaillí agus cailíní R5 ag glacadh páirte I mbliots Sacair atá á eagrú ag an nGarda sa cheantar ar an gCéadaoin beag seo. Guímid ádh mór orthu I rith an lae.

*Teachers and school teams, junior and senior have had a very busy few weeks between training and matches and have proved themselves very well. The boys' senior team were unlucky to lose their ¼ final match last week against a large boys' school in Booterstown. The junior team have played very well and had won all their matches until they met a very strong Scoil Mhuire Team on Tuesday. They now are finishing their league, hoping to finish in second place.*

*The girls' team play their semi final on Thursday against Diswellstown. We wish them well.*

*Rang 5 are taking part in a community bliots organized by the Garda on Wednesday.*

## Meitheal an Fhómhair

Beidh an meitheal sa gháirdín ar siúl ar an Domhnach 21/10 idir 2-5 rn. Níl aon taithí garraíodóireachta ag teastáil. Go leor tocailt le déanamh - tóg leat spád nó sluasaid! Fáiltítear roimh ceapairí agus sóláistí don lucht oibre.

The Garden Autumn clean-up will take place Sunday 21/10 from 2-5. No expert gardening knowledge required. Lots of digging needed, bring a spade or shovel with you! Also gathering, sweeping, weeding, general tidy up. Refreshments for the work party accepted gratefully.

**Cruinnithe Tuistí agus Múinteoirí**
***Parent / Teacher Meetings***

**Beidh na cruinnithe ar siúl ar an 14/15 Samhain idir 2.30 agus 5.00 Beidh deis clárú do na cruinnithe ar sign-up-genius tar éis an bhriseadh meán-téarma.**

*Parent Teacher meetings are scheduled for Wed/Thursday the 14th / 15th November. Parents will be able to register their time slots on sign up genius after the mid-term break.*

**Am Lóin ar Scoil**
**12.15 -12.45**

Tabhair faoi deara go bhfuil am lóin mór athraithe sa scoil.

*Please note the change in time for our large break*

**Dáta eile:**
**21/11/18**
CCB Chumann na dTuistí
Parents Association AGM

**Cuairt Dhaidí na Nollag**
Beidh Daidí na Nollag sa scoil ar an Domhnach, 09 Nollaig.
*Daidí na Nollag will visit Scoil Neasáin on Sunday, 9th December.*

**Rabhadh Dearg Aimsire / Red Weather Alert**

Le roinnt blianta anuas tá an tsirbhís aimsire ag úsáid córas rabhaidh chun baol stoirme a mheas. Sa chás go gclúdaíonn stádas DEARG limistéir na scoile tá cinneadh glactha ag an mBord Bainistíochta go mbeidh an scoil DÚNTA. Tá an cinneadh seo glactha d'fhonn sláinte agus sabháilteacht na bpáistí agus na dtuismitheoirí agus na bhfostaithe a chinntiú. Déanfar an t-eolas seo a chur ar fáil trí rphost, komeer agus ar shuíomh na scoile ach is fiú a bheith airdeallach go mbeidh an scoile dúnta má eisítear rabhadh dearg.

*For the past few years Met Éireann have issued a colour coded alert system when forcasting.Where a red-weather-alert has been issued for the vicinity of the school, the Board of Management have agreed that the school will remain CLOSED. This decision has been made to protect children, parents and staff. All information in relation to school closure (should the situation arise) will be communicated via email and komeer and on school website. However a red-weather-alert will mean the school remains closed.*




Meabhraítear do chuile dhuine nach bhfuil cead madraí a thabhairt isteach ar láthair na scoile ach amhain madraí cúnta.
*Please remember that dogs are not allowed on the school premises except assistive dogs*